# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2022

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Spáinnis

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA-ARDLEIBHÉAL 2022**

**SCÉIM MARCÁLA**

**SPÁINNIS 2022**

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**
***Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:***

**Léiríonn tulslais** / roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.

**Léiríonn dais** - roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

**Léiríonn lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

**Taispeánann lúibíní cearnógacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá le bronnadh ar fhreagraí áirithe ar an gceist sin.

Léiríonn **focail <u>a bhfuil líne fúthu</u>** gné riachtanach.

**N. B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Ní liosta críochnaitheach iad an cur síos, na modhanna oibre ná na sainmhínithe a luaitear sa scéim agus tá glacadh le freagraí bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

## Nótaí mínithe a úsáidtear sa mharcáil

**Ní thugtar nótaí mínithe sna freagraí uile.**

| Nóta mínithe | Brí |
|---|---|
| / | Deireadh pointe a aithint |
| [ | Tús an phointe lascainithe |
| ] | Deireadh an phointe lascainithe |
| - | Pointe fágtha ar lár |
| ✓ | Ábhar feicthe ag an scrúdaitheoir |
|  | Leathanach bán |
| **MMS** | Scéim Marcála Mhionathraithe curtha i bhfeidhm |

## ROINN A (60 MARC)

**Ní mór ceisteanna a fhreagairt sa teanga atá sonraithe ar an scrúdpháipéar.**

**1. (a) Litríocht dualgais – *Relato de un náufrago*** **(50 marc)**

**C. 1** **3 x 3m = 9 marc**
**[Má chuirtear focail bhreise leis ní bhronnfar marcanna. Tras-scríobh litir ar litir ag teastáil]**

**(a)** *tortura* **(3m)**
**(b)** *ignoraba* **(3m)**
**(c)** *identifiqué* **(3m)**

**C. 2** **3 x 3m = 9 marc**

**(a)** … Chuir mé an léine tais ar m'aghaidh **(3m)**

**(b)** Chiallaigh sé go raibh talamh ann **(3m)**

**(c)** Léim mo chroí, chaill sé buille **(3m)**

**C. 3** **4 + 3 + 3 = 10 marc**
**[An chéad fhreagra ceart = 4m]**
**Aon trí cinn** díobh seo:

- (céasadh) tarta
- seile thiubh
- scornach tirim
- bhí a chraiceann spuaiceach (ón ngrian)
- bhí pian ina bholg ón ocras
- bhí sé níos deacra dó análú a dhéanamh **(4+3+3m)**

**C. 4** **4 + 3 + 3 = 10 marc**
**[An chéad fhreagra ceart = 4m]**
**Aon trí cinn** díobh seo:

- ollmhór
- dubh
- feistithe le snámháin le haghaidh tuirlingthe ar uisce
- bhí fear ag féachaint amach as an gcábán
- bhí sé ag scrúdú na farraige trí dhéshúiligh dhubha
- tháinig sé chomh gar sin gur shíl sé go mbraithfeadh sé gluaiseacht an innill ar a aghaidh
- d'aithin sé é ó na litreacha ar a sciatháin
- ba as seirbhís Gharda Cósta é de *Zona del Canal* **(4+3+3m)**

**C. 5** **4 + 4 + 4 = 12 mharc**
Plé ar aon **trí** phointe ábhartha
**[Ní thugtar marcanna le haghaidh freagraí le tacaíocht ó thagairt don sliocht]** **(12m)**

**1. (b) Téacs Iriseoireachta: DIANA TRUJILLO, DE COLOMBIA A LA NASA** **(50 marc)**

**C. 1 4 + 4 + 4+ 4 + 4 = 20 marc**

**(a)** Ba é an chéad uair a chraol NASA turas go dtí pláinéad eile i Spáinnis **(4m)**

**(b)** Bhíodh sí ag breathnú go minic ar an spéir agus thug sé suaimhneas di **(4m)**

**(c)** **Ceann amháin** díobh seo:

- chuaigh (sí) ar imirce go SAM chun leanúint lena huaillmhian a bheith ag obair le NASA
- ghlan sí tithe chun íoc as a cuid staidéir
- bhí ceithre phost aici chun íoc as a cuid staidéir **(4m)**

**(d)** Is í an chéad inimirceach Easpáinneach a glacadh ar chlár oiliúna NASA **(4m)**

**(e)** Iarracht agus tiomantas dá cuid staidéir **(4m)**

[staidéar dian = 2m; staidéar = 1m]

**C. 2 4 + 4 + 4 = 12 mharc**

**[Má chuirtear focail bhreise leis nó má fhágtar focail ar lár ní bhronnfar marcanna. Tras-scríobh litir ar litir ag teastáil.]**

**(a)** la transmisión en directo **(4m)**
**(b)** infancia **(4m)**
**(c)** el fin de **(4m)**

**C. 3 4 + 4 + 4 = 12 mharc**

**[Tá an aimsir cheart ag teastáil le haghaidh lánmharcanna]**

**(a)** … d'fhás sí aníos le paisean do thurais spáis... **(4m)**
**(b)** Bhí slí bheatha Diana go hiontach. **(4m)**
**(c)** “cailín óg nach raibh aon Bhéarla aici.” **(4m)**

**C.4 (6 mharc)**

[Féadfar aon mharc ó 0 go 6 a bhronnadh don cheist seo. **Ní bhronntar aon mharc ar fhreagraí i mBéarla]**

**2.** **(a) NÓ (b) = 10 marc**
**[Má fhreagraítear (a) AGUS (b), marcáil an dá cheann agus bronn marcanna don CHEANN leis an scór is airde]**

**(a) UN JOVEN REPARA MÓVILES PARA NIÑOS SIN RECURSOS** **(10 marc)**
**2 + (2+2) + (2+2) = 10 marc**

**(i)** Ní raibh siad in ann freastal ar a gcianranganna toisc nach raibh gutháin phóca nó ríomhairí acu **(2m)**

[smaoineamh ar ranganna ar líne nó trí ghléasanna a theastaíonn le haghaidh lánmharcanna]

**(ii)** Ba é sin an chéad cheann a dheisigh sé
Briseadh an scáileán nuair a thit sí é **(2+2m)**

**(iii)** **Dhá cheann** díobh seo:
- 15 oibrithe deonacha
- teacht le chéile gach Satharn ina theach
- fóin phóca (briste) a dheisiú **(2+2m)**

[bronnann gutháin deisithe ar scoileanna = 1m]

**(b) LA POLICIA GRIEGA ENCUENTRA UN CUADRO DE PICASSO** **(10 marc)**
**2 + (2+2) + 4 = 10 marc**

**(i)** Pictiúr leis an ealaíontóir Spáinneach/Pablo Picasso **(2m)**

[Picasso = 2m; pictiúr =1m]

**(ii)** Ní raibh ceamaraí slándála (suiteáilte) ag (roinnt) criosanna den mhúsaem
Bhí fadhb leis an aláram **(2+2m)**

[ní raibh ceamaraí slándála (suiteáilte) ag an músaem = 1m]

**(iii)** (I 1949) bhronn Picasso é ar mhuintir na Gréige as a bhfrithbheartaíocht in aghaidh an Naitsíochais **(4m)**

## ROINN B (100 MARC)

**Ní mór ceisteanna a fhreagairt sa teanga atá sonraithe ar an scrúdpháipéar.**

### EL TRABAJO ESTÁ CAMBIANDO

**C. 1 3 + 3 + 3 + 3 + 3 = 15 mharc**
**[Má chuirtear focail bhreise leis nó má fhágtar focail ar lár ní bhronnfar marcanna. Tras-scríobh litir ar litir ag teastáil.]**

**(a)** *numerosos cambios* **(3m)**
**(b)** *de repente* **(3m)**
**(c)** *participar* **(3m)**
**(d)** *propone lanzar* **(3m)**
**(e)** *tiene que viajar* **(3m)**

**C. 2 5 + 5 + 5 = 15 mharc**
**[Tá an aimsir cheart ag teastáil le haghaidh lánmharcanna]**

**(a)** …ar cheann de na cinn is réabhlóidí, b'fhéidir... **(5m)**
**(b)** …Tháinig cumha orm i ndiaidh mo chomhghleacaithe oibre **(5m)**
**(c)** … chuir an laghdú tuarastail beagán imní air... **(5m)**

**C. 3 1 + 1 + 1 + 1 + 1 = 5 mharc**
**[Má chuirtear focail bhreise leis ní bhronnfar marcanna. Tras-scríobh litir ar litir ag teastáil]**
**(a)** *temporal* **(1m)**
**(b)** *empresa* **(1m)**
**(c)** *opción* **(1m)**
**(d)** *suerte* **(1m)**
**(e)** *aumento* **(1m)**

**C. 4 5 + (3+ 3) + (2+2) = 15 mharc**

**(a)** (smaoineamh) seachtain oibre níos giorra agus oibriú ón mbaile **(5m)**

**(b) Dhá cheann** díobh seo:
- d'éist siad le tuairimí a bhfostaithe
- (chuardaigh siad) bealaí chun cabhrú leo a saolta gairmiúla a fheabhsú
- (chuardaigh siad) bealaí chun cabhrú leo a saolta pearsanta a fheabhsú **(3+3m)**

[chun cabhrú leo = 1m; chun feabhsú = 1m; a ndálaí oibre a fheabhsú =1m]

**(c) Dhá cheann** díobh seo:
- sábhálann airgead
- caitheann níos lú ama sa trácht (tranglaim)
- tá níos mó ama aige dó fein **(2+2m)**

## Roinn B: Ceist 5

**IOMLÁN NA MARCANNA: 50**

Treoirlínte maidir le Ceist a Mharcáil 5 (Ceist Nasctha)

**1. ÁBHAR/CUMARSÁID** **25 mharc**

**BARR**
Gan ábhar neamhábhartha nó fíorbheagán de ann
Ardleibhéal comhleanúnachais
Argóinteacht shoiléir
An aidhm chumarsáide comhlíonta **18 – 25 marc**

**LÁR**
Roinnt ábhair neamhábhartha
Leibhéal réasúnta comhleanúnachais
Sothuigthe ag cainteoir Spáinnise
An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór **9 – 17 marc**

**BUN**
Cuid mhór ábhair neamhábhartha
Easpa comhleanúnachais
Bheadh deacracht ag cainteoir Spáinnise é a thuiscint
Níor comhlíonadh an aidhm chumarsáide **0 – 8 marc**

**2. TEANGA** **25 marc**

**BARR**
Spáinnis nádúrtha
Leibhéal maith sa stór focal
Gan mórán botún gramadaí/litrithe
Úsáid cheart na n-aimsirí **18 – 25 marc**

**LÁR**
Úsáid an stóir focal measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta
Na briathra ceart ar an iomlán
Gan an iomarca botún litrithe/gramadaí **9 – 17 marc**

**BUN**
Fadhbanna leis an stór focal – raon teoranta ó thaobh na bhfocal
Formhór na mbriathra mícheart
Cuid mhór dearmaid litrithe **0 – 8 marc**

**Nóta: Sa chás nach mbronntar marcanna d'Ábhar 1 (i.e. iarracht neamhábhartha go hiomlán), ní bhronnfar aon mharcanna do Theanga 2.**
**Ní bhronnfar aon mharcanna le haghaidh frásaí a thógtar go díreach ón alt.**

## ROINN C (25 MARC)

**Iarrtar ar iarrthóirí aon mhír AMHÁIN a fhreagairt ó C1 (a) nó 1 (b) nó C2 (a) nó 2 (b).**

**Treoirlínte le haghaidh Roinn C**

- Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir níos mó ná mír amháin ó Cheist 1 **nó** Ceist 2, caithfear **gach** ceann a cheartú agus marcanna a bhronnadh ar an mír **AMHÁIN** leis an scór is airde agus sin amháin.
- Ba chóir neamhaird a dhéanamh de mhion-dearmaid (i.e. nach n-athraíonn an 'teachtaireacht').
- Ní mór na briathra a bheith ceart chun iomlán na marcanna a thuilleamh.

Nóta: Maidir le haon chuid den scríbhneoireacht ní ghearrfar pionós faoi dhó as an earráid chéanna.

**Ceist 1.** Agus an cheist seo á marcáil ba cheart cloí den chuid is mó leis na tosaíochtaí a léirítear le haghaidh Ábhar agus Teanga i Roinn B, C.5.

**Ceist 1 (a)** **COMHRÁ A CHUMADH** **(25 mharc)**

**Sé** 'sheal'. **CÚIG** cinn le freagairt. Má fhreagraítear gach 'seal', marcáil **iad ar fad** agus bronn marcanna ar na **CÚIG** cinn is airde scór. Ceadaigh **5** mharc an ceann ar a mhéad. **(5 x 5m = 25 mharc)**

***NÓ***

**Ceist 1 (b)** **LITIR / R-PHOST** **(25 marc)**

- Tá **CÚIG** phointe le déanamh as **ocht** gcinn féideartha. Ceadaigh **5** mharc an ceann ar a mhéad.
  Má fhreagraítear níos mó ná cúig phointe, marcáil **gach ceann** agus bronn na marcanna ar na **CÚIG** phointe is airde scór.
- Tabhair do d'aire gur chóir go mbeadh gach pointe *forbartha* agus *mionsaothraithe.*
- Is féidir an litir/r-phost a bhunú go ginearálta ar na moltaí a thugtar.
- Féadfaidh iarrthóirí a bpointí féin a dhéanamh agus ní gá dóibh úsáid a bhaint as na treoirlínte a thugtar. **(5 x 5m = 25 mharc)**

Critéir do **Cheist 1 (a) COMHRÁ** agus **(b) LITIR**

**IOMLÁN NA MARCANNA: 25 MHARC** **(Marcáiltear gach 'seal'/ pointe ina aonar)**

| | |
|---|---|
| **5 mharc:** | An aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Leibhéal maith sa stór focal. Na briathra ceart. |
| **3 – 4 mharc:** | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Leibhéal maith go ginearálta sa stór focal.<br>Na briathra ceart ar an iomlán. |
| **2 mharc:** | Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Cuid mhór earráidí gramadaí agus dearmad litrithe.<br>Briathra mícheart/ aimsirí mícheart den chuid is mó. |
| **1 mharc:** | Cuid an-bheag den aidhm chumarsáide curtha in iúl. |
| **0 marc:** | Níl an teachtaireacht curtha in iúl. |

**Ceist 2 (a) agus (b): Cúig** phointe. **Ceithre** cinn le freagairt. Má fhreagraítear iad uile, léigh **iad ar fad** agus bronn marc domhanda ar na **CEITHRE** cinn is fearr de réir na gcritéar thíos. **Ní gá pointí a fhorbairt.**

***NÓ***

**Ceist 2 (a)** **IONTRÁIL DIALAINNE** **(25 mharc)**

Cúig pointe, **CEITHRE** cinn le freagairt.

***NÓ***

**Ceist 2 (b)** **NÓTA** **(25 mharc)**

Cúig pointe, **CEITHRE** cinn le freagairt.

Critéir do Cheist **2 (a) DIALANN** agus **(b) NÓTA**

**IOMLÁN NA MARCANNA: 25 MHARC**

| | |
|---|---|
| **23 – 25 mharc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Leibhéal an-mhaith sa stór focal.<br>Briathra go hiomlán ceart. |
| **18 – 22 marc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta den chuid is mó.<br>Leibhéal maith sa stór focal.<br>Na briathra ceart den chuid is mó. |
| **14 – 17 marc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Leibhéal maith go ginearálta sa stór focal.<br>Na briathra ceart ar an iomlán. |
| **10 – 13 mharc** | Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Cuid den stór focal i gceart.<br>Tá cuid mhór earráidí ann. |
| **5 – 9 marc** | Cuid bheag den teachtaireacht curtha in iúl. |
| **0 – 4 mharc** | Cuid an-bheag den teachtaireacht curtha in iúl. |

## TRIAIL CHLUASTUISCEANA (80 MARC)

**Ní mór na freagraí uile a scríobh i nGaeilge. Má fhreagraítear an tástáil iomlán/an chuid iomlán i Spáinnis: marcáil de réir na Scéime Marcála agus bronn leath na marcanna a saothraíodh.**

**1. Anuncio - CURSOS DE SURF EN CÁDIZ**

**(2+2) + (2+2) + 3m = 11 mharc**

**(a)** Tá siad do gach leibhéal; ní ghlacann siad ach le leanaí atá 6 bliana d'aois agus níos sine **(2+2m)**

**(b)** **Dhá cheann** díobh seo**:** feabhas a chur ar do theicníc / taitneamh a bhaint as an dúlra / bualadh le daoine (nua) **(2+2m)**

**(c)** **Trí cinn díobh seo:**
- lóistín
- teagascóir (cáilithe)
- an t-ábhar go léir (riachtanach)
- árachas **(3m)**

['monatóir (cáilithe)' = 0m]

**2. Diálogo - ENTREVISTA CON PILAR RAMÍREZ, TRADUCTORA**

**2 + (1+1) + 4 + 4m = 12 mharc**

**(a)** **Ceann amháin** díobh seo:
- ní mór di díriú (go leor)
- glacann sí mí chun (thart ar) 100 leathanach a aistriú **(2m)**

**(b)** **Dhá cheann** díobh seo:
- bróisiúir
- <u>liostaí</u> comhábhar
- treoracha (ríomhaire) **(1+1m)**

**(c)** **Ceann amháin** díobh seo:
- ní chuireann aon duine isteach uirthi
- úsáideann sí a sosanna chun aclaíocht a dhéanamh **(4m)**

**(d)** Caithfidh tú (go leor) am(a) a chaitheamh i dtír ina labhraítear do dhara teanga **(4m)**

**3. Diálogo - HABLANDO CON EL COCINERO, KARLOS ARGUIÑANO**

**3 + (1+1+1) + (2+2) + 3m = 13 mharc**

**(a)** Bhí fadhbanna (sláinte) ag a mháthair agus b'éigean dó cabhrú le cúraimí tí **(3m)**

**(b)** (A) bhia; ghreann; amhráin **(1+1+1m)**

**(c)** **Dhá cheann** díobh seo:
- ní gá duit mórán airgid a chaitheamh
- (más rud é gur ceist é) a bheith eagraithe
- gan eagla a bheith ort **(2+2m)**

**(d)** Daoine óga atá ag fágáil baile (na dtuismitheoirí) den chéad uair **(3m)**

**4 Descriptivo - EL FESTIVAL DEL FUEGO**
**3 + 3 + 3 + 4m = 13 mharc**

**(a)** Oirdheisceart (Cúba); (thart ar) 900 km ón bpríomhchathair **(1+2m)**

**(b)** Cothaíonn sé malartú tuairimí / eispéireas (i measc daoine) **(3m)**

**(c)** (Caitheamh siad) éadaí traidisiúnta i ndathanna geala **(3m)**

**(d)** Smaoinigh ar do chuid fadhbanna agus bí ag súil le todhchaí dearfach **(4m)**

**5. Descriptivo - LA CHOCOLATERÍA SAN GINÉS**

**(1+2) + 3 + 3 + 3m = 12 mharc**

**(a)** (Sráid) coisithe; ar cheann de na cinn is cúinge sa phríomhchathair **(1+2m)**

[ar cheann de na cinn is cúinge = 2m; cúng = 1m]

**(b)** (Ba é) sin <u>an t-aon áit amháin</u> a bhféadfadh duine rud éigin te a ól san oíche **(3m)**

**(c)** (Is traidisiún é) cuairt a thabhairt (ar an gcaifé seacláide) le seantuismitheoirí um Nollaig **(3m)**

[le cuairt a thabhairt le seantuismitheoirí = 2m;
le cuairt a thabhairt (ar an gcaifé seacláide) um Nollaig = 2m
le cuairt a thabhairt ar an gcaifé (seacláide) = 1m]

**(d)** (go leor) adhmaid, lampaí, grianghraif (de chustaiméirí cáiliúla) **(3m)**

**6. EL TIEMPO**

**2 + 3 + (2 +1m) = 8 marc**

**(a)** (Lá) báisteach le (tréimhsí) scamallacha **(2m)**

**(b)** <u>Gaotha</u> ó thuaidh san oíche **(3m)**

**(c)** (Lá) níos grianmhaire le (spéartha) soiléire **(2+1m)**

[An ghrian =2m]

**7. Una Noticia - BARRIO SÉSAMO**

**(1+1) + 3 + 3 + 3m = 11 mharc**

**(a)** **Dhá cheann** díobh seo:
- laethanta na seachtaine
- (difríocht idir) suas agus síos
- ag trasnú na sráide **(1+1m)**

**(b)** (domhan) nach bhfuil tábhacht ag baint le dath/cúinsí teaghlaigh (a áitritheoirí). **(3m)**

**(c)** **Ceann amháin** díobh seo:
- contúirt
- brón
- strus **(3m)**

**(d)** (an) tábhacht a bhaineann le (do) lámha a ní go ceann go leor ama **(3m)**

**11+12+13+13+12+8+11 = 80 marc**

**AGUISÍN A hAON**

**CÓIRÍOCHT RÉASÚNACH AGUS SCÉIM MARCÁLA MHIONATHRAITHE**

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- *Leagan taifeadta d'obair scríofa*.
- *Úsáid ríomhaire agus seiceálaí litrithe cumasaithe air.*
- *Úsáid scríobhaí.*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach*

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar deonaíodh an litriú agus an ghramadach acu a tharscaoileadh, ní ghearrfar pionós i réimsí gramadaí áirithe. Agus obair na n-iarrthóirí seo á meas, cuirfear scéim marcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Triail Éisteachta**
Is i nGaeilge a fhreagraítear an chuid seo den pháipéar agus, dá bhrí sin, níl aon treoracha speisialta i bhfeidhm mar ní ghearrtar pionós ar mhílitriú ná ar earráidí gramadaí sa scéim marcála chaighdeánach.

**Roinn A agus B**
Le haghaidh ceisteanna a fhreagraítear i Spáinnis, ní ghearrfar pionós as mílitriú ná as gnéithe áirithe gramadaí, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.

**Cuid B – Ceist 5**
Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnách ach ní ghearrfar pionós as mílitriú, amhail aicinn atá ar iarraidh nó atá mícheart, ná as gnéithe gramadaí, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.

**Roinn C**
Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnách ach ní ghearrfar pionós as mílitriú, amhail aicinn atá ar iarraidh nó atá mícheart, ná as gnéithe gramadaí, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.